

BRÁCAÍ AR NA BUAILIDHEACHA

Nuair a bhí mé i mo ghasúr bhíodh bracaí ar na cnuic an chéad mhí d'fhóghmhar agus b'fhéidir go mbeadh cuid de na bracaí ann sé seachtainí. Bhíodh buailideacha ar Leitir Poibrium, Crocán an Bhodaigh (Seanamhuire) Seanach Domhnaill, Loch a Mhuighe, Cnoc Mordáin, agus Glionnán, Bé Chatha agus i gCreig na gCon.

Siad na bracaí a bhí ar na buailideacha, bhíodh bráca ag beirt as Roisín na mBanaoidheach thoir ar Chnoc Mordáin – Bob Ní Chadhain, bean Sheáin Bhreathnaigh (Jackie) Peig a' Conway, bean Shéamuis Nóra Pheadair Mhic Dhonnchada – máthair an tSeampín.

Bhí bráca sa gclochar mór i gCrocán an Bhodaigh, agus bráca ar chloch a' chlochair i Leitir Poibrium. Bhí bráca na bPuirthíní idir dhá loch ar Shiabh Docholla. Bráca i dTruisgín na Neach ar an gCnoc Buidhe (bhí Micil dhá fhóghmhar ar an gcnoc seo i mbráca)

Ba bráca Joe ag muinéal Locha Poibrium ag muinicín na haibhne. Bhí bráca ar Bhé Chatha agus bráca Thamhnach na gCoileach i nGlionnán (Coileach Creabhar). Bhí bráca na Sgailpe ann agus bráca na Bródaighe. Bean a raibh Bródach uirthe aiste féin. An Bhródach a bhí uirthe. Ba dreithiúr í do Máirtín ó Gaora a bhí i leitir deiscirt bhí leas-ainm air an iustis, agus ba dreithiúr í do Nedda Rua as Leitir Deiscirt. Bhí Bródach eile as Caladh Fhíodhínse, dreithiúr do Mharcus an Ghabha agus do Tomás a' Ghabha agus do Sheán an Ghabha agus do Phaitseach. Na máithreacha a bhaist na Bródacha ar an dhá pháiste agus d'fhan na Bródacha ortha. Nuair a bhíodh máthair aca ag bréagadh a páiste féin:

Is deise mo Bhródach Uí Ghaora
Is deise mo Bhródach Uí Ghaora
Is deise mo Bhródach Uí Ghaora
ná bródach an Ghabha Chaladhfhíodhfinse.

Bhí bráca ag an Ailldubh i gCaladhfhíodhínse. Bhí bráca ar Thamhnach na mBairéadach i gCrocán a' Bhosaigh (Seanamhuire ar an mapa) Bhí trí no ceathair de bhracaí air Dubhlitir - bráca i n-Áiléar os cionn Loch an Áiléir i nDubhlitir, bráca ag Poll an Athar Peadar i gCluais Ghirrfhiaidh – an t-athair Peadar Mac Con Buidhe an sagart a rinne teach pobail Chárna. Bhíodh sé ag iasgach ag an bpoll seo ar abhainn na Sgainimhe, bíonn bric gheala ann. Bráca Locha Mhuighe an bráca deireannach a chonnaic mise. Bhíodh mo mháthair ann.

Séard a bhí ins na bracaí ballaí cloch i gcuid aca agus ballaí fód i gcuid eile agus ceann ortha de mhaidí agus scraitheacha, dá sgraith os cionn a chéile chuile bhráca aca, doras agus b'fhéidir dhá dhoras ar chuid aca. Ponntán fraoich i ndoras na gaoithe. Ní mórán le ceathar a

dfeadfadh codladh a dhéanamh i mbráca. Leabaidh fraoich ar an urlár nó fíonntarnach bán bheadh sé chomh maith le leabaidh ar bith.

Málaí agus éadaigh caithte ar an bhfraoch faoi na daoine. I dtús an chéad mhí den fhóghmhar chuireadh siad na beithidhigh chun an chnuic. Théighidís féin leis na beithidhigh agus d'fhanadh duine i gcómhnaidhe ins na brácaí le bheith ag bleaghan na mbó maidin is trathnóna. Bhíodh cuinneoga aca san mbráca le haghaidh an bhainne agus soithigh beaga eile. Bhíodh laoghannta i néinfeacht leis na ba agus b'fhéidir go mbeadh fail ann le haghaidh na laoghaidíní san oidhche. Bhíodh cuid de na brácaí cúig mhíle ó bhaile. Cuirtí an bainne abhaile gach lá nó gach dhá lá. Cuirtí biadh amach chuig na daoine ar an mbuaile phataí arán, iasg agus im. Dheanadís maistre ar an mbuaile. Chonaic mé maistre dhá dhéanamh ag mo mháthair ar an mbuaile. Bhí sí lá agus chin sé uirthé an t-im a dhéanamh sa mbráca le loithne. Chuir sí an chuinneog ar a druim,

114

(Bhíodh rópa timcheall na cuinneoga agus eiris bhragada) gur thug sí an maistre abhaile. Nuair a bhí sí ag teacht anuas Litir Caisil leag sí an chuinneog ar an talamh agus bhain sí an clár di. Nuair a bhreathnuigh sí isteach ins an gcuinneoig bhí an t-im déanta. Bhí mise in éinfeacht léithe. "go leith" ar sí, "go bhfeice tú céard tá agam." Ní raibh le feiceál istigh san gcuinneoig ach im. Mná is stócaigh is mó a d'fhanadh ins na brácaí.